# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2011

## TÍREOLAÍOCHT – GNÁTHLEIBHÉAL

**DÉ hAOINE, 10 MEITHEAMH – MAIDIN, 9.30 - 12.20**

**Scrúduimhir**

**Don scrúdaitheoir amháin**

| **Cuid a hAon** Ceisteanna Gearrfhreagra | **Marc Iomlán** | **Scr. Comh.** | **Scr. Ach.** |
|---|---|---|---|
| Ceist 1 | | | |
| Ceist 2 | | | |
| Ceist 3 | | | |
| Ceist 4 | | | |
| Ceist 5 | | | |
| Ceist 6 | | | |
| Ceist 7 | | | |
| Ceist 8 | | | |
| Ceist 9 | | | |
| Ceist 10 | | | |
| Ceist 11 | | | |
| Ceist 12 | | | |
| Marc Carnach | | | |
| Marcanna Dícheadaithe | | | |
| **Marc Glan** | | | |

**Nóta: Ná déan dearmad an páipéar seo a thabhairt ar ais i dteannta do fhreagarleabhair nó caillfear marcanna.**

<table>
<tr><td align="center">

**CUID 1 – CEISTEANNA GEARRFHREAGRA – 100 MARC**

Freagair **DEICH** gceist.

Tá na ceisteanna go léir ar aon mharc.

***FREAGAIR NA CEISTEANNA SEO SNA SPÁSANNA ATÁ ANN DÓIBH***

</td></tr>
</table>

**1. Tírghnéithe Cósta**





www.bushyparkcottage.com




www.crikey-adventure-tours.com




www.cache.marriott.com




www.geography.org.uk.

(i) Scrúdaigh na fótagraif de thírghnéithe cósta thuas agus meaitseáil go cruinn gach ceann de na litreacha ar na fótagraif le ceann **amháin** de na tírghnéithe a ainmnítear sa bhosca thíos.

| Tírghné | Litir |
|---|---|
| Stua mara | |
| Poll séideáin | |
| Aill | |
| Trá | |

(ii) Cé acu ceann de na tírghnéithe a ainmnítear thuas a cruthaíodh mar thoradh ar an bpróiseas, sil-leagan?

____________________________________________________________

**[10 marc]**

**2. Carraigeacha**

Meaitseáil an cur síos ar charraig le hainm na carraige. Scríobh an litir cheart sa bhosca atá ann di.

| Litir | Cur Síos ar Charraig |
|---|---|
| **A** | Gráinní gainimh inti a táthaíodh le chéile. |
| **B** | Cruthaíodh í as iontaisí de mhórán ainmhithe mara agus tá carbónáit chailciam inti. |
| **C** | Criostail bheaga inti agus cruthaíodh gar do dhromchla an domhain í; ar fáil ar Chochán an Aifir. |
| **D** | Bhí ina haolchloch nó ina cailc tráth ach d'athraigh de bharr teasa nó brú. |
| **E** | Criostail mhóra inti agus cruthaíodh sa screamh í; ar fáil i sléibhte Chill Mhantáin. |

| Ainm Carraige | Litir |
|---|---|
| Aolchloch | |
| Eibhear | |
| Gaineamhchloch | |
| Basalt | |
| Marmar | |

**[10 marc]**

**3. Próisis an Domhain**

Meaitseáil an míniúchán ar an bpróiseas le hainm an phróisis. Scríobh an litir cheart sa bhosca atá ann di.

| Litir | Míniúchán ar an bPróiseas |
|---|---|
| **A** | Cineál creimthe ina gcreimeann an t-ábhar atá á iompar an dromchla mar a dhéanfadh greanpháipéar. |
| **B** | Cineál síonchaithimh ina mbriseann carraigeacha suas mar thoradh ar reo agus coscairt arís agus arís eile. |
| **C** | Cineál mall ollghluaiseachta ar fhánaí réidhe. |
| **D** | Nuair a shleamhnaíonn pláta screimhe amháin faoi cheann eile isteach i maintlín an domhain. |
| **E** | Cineál creimthe ina ndéantar maolú ar na píosaí den ábhar atá á iompar agus ina mbristear iad trí imbhualadh le píosaí eile. |

| Ainm an Phróisis | Litir |
|---|---|
| Reo is coscairt | |
| Ithirthéaltú | |
| Scríobchaitheamh | |
| Cnaí | |
| Fodhuchtú | |

**[10 marc]**

**4. Creathanna Talún**

**Líon na gCreathanna Talún ar fud an Domhain 2006 to 2010**

| **Méid** | **2006** | **2007** | **2008** | **2009** | **2010** |
|---|---|---|---|---|---|
| 8.0 to 9.9 | 2 | 4 | 0 | 1 | 1 |
| 7.0 to 7.9 | 9 | 14 | 12 | 16 | 21 |
| 6.0 to 6.9 | 142 | 178 | 168 | 144 | 151 |
| **Líon measta na mbásanna de thoradh creathanna talún** | 6605 | 712 | 88,011 | 1790 | 226,896+ |

www.usgs.gov

Scrúdaigh an tábla thuas agus freagair na ceisteanna a leanas:

(i) Cén bhliain ina raibh an líon is mó creathanna talún a raibh méid idir 8.0 agus 9.9 iontu?

______________________________________________

(ii) Cén bhliain ina raibh an líon measta básanna is mó?

______________________________________________

(iii) Cé mhéad crith talún den mhéid is láidre a bhí ann le linn na tréimhse a thaispeántar?

______________________________________________

(iv) Cad is ainm don scála a úsáidtear chun neart crith talún a thomhas?

______________________________________________


(v) Léigh an ráiteas thíos agus cuir **X** sa bhosca ceart.

"Tarlaíonn creathanna talún nuair a bhíonn imbhualadh plátaí ann."

| | |
|---|---|
| Fíor | |
| Bréagach | |

**[10 marc]**

**5. Cairteacha Aimsire**




Scrúdaigh an chairt aimsire thuas agus freagair na ceisteanna a leanas:

(i) Ainmnigh an cineál fronta ag **A**.

| |
|---|
| |

(ii) Cad é an brú baraiméadrach os cionn an Atlantaigh amach ó iarthuaisceart na hÉireann?

| |
|---|
| |

(iii) Is éard a thugtar ar línte a cheanglaíonn áiteanna ina bhfuil an brú baraiméadrach céanna ná:
Cuir **X** sa bhosca ceart thíos.

| | |
|---|---|
| Comhrianta | |
| Isihéilí | |
| Iseabair | |

(iv) Léigh an ráiteas agus cuir **X** sa bhosca ceart thíos.
"Is éard is frithchioclón ann ná áit ina bhfuil brú ard."

| | |
|---|---|
| Fíor | |
| Bréagach | |

(v) Léigh an ráiteas agus cuir **X** sa bhosca ceart thíos.
"De réir chairt na haimsire, tá aimsir thirim sheasmhach i ndeisceart na hEorpa."

| | |
|---|---|
| Fíor | |
| Bréagach | |

**[10 marc]**

## 6. Aeráid na hÉireann

**An Mheánteocht mhíosúil agus bhliantúil ag Réadlann Dhairbhre, 1961 – 1990**

| Mí | Ean | Fea | Már | Aib | Bea | Meith | Iúil | Lún | MF | DF | Samh | Noll | Meán Bliantúil |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Teocht °C** | 6.8 | 6.6 | 7.6 | 8.9 | 10.9 | 13.3 | 14.8 | 14.8 | 13.5 | 11.5 | 8.7 | 7.6 | **10.4** |

www.met.ie

Scrúdaigh an tábla thuas a thaispeánann an mheánteocht mhíosúil agus bhliantúil ag Réadlann Dhairbhre ó 1961 go 1990 agus freagair na ceisteanna a leanas:

(i) Cén mhí a raibh an mheánteocht is ísle ann?

____________________________________

(ii) Cén **dá** mhí ba theo?

Mí 1 ______________________________

Mí 2 ______________________________

(iii) Cad é an **Mheánteocht Bhliantúil** a taifeadadh le linn na tréimhse 1961 go 1990?

____________________________________


(iv) Cén t-ainm a thugtar ar aeráid na hÉireann?

____________________________________

**[10 marc]**

**7. Tírghnéithe Oighreacha**

(i) Scrúdaigh na fótagraif agus meaitseáil i gceart gach ceann de na litreacha ar na fótagraif le ceann **amháin** de na tírghnéithe a ainmnítear sa bhosca thíos.




www.swisseduc.ch Wikimedia.org


| **Tírghné** | **Litir** |
|---|---|
| U-Ghleann | |
| Adharc phirimidiúil | |
| Carraig chorr | |
| Comloch | |

(ii) Ainmnigh bealach **amháin** ina dtéann tírdhreacha oighreacha chun leasa an gheilleagair sna ceantair ina bhfuil siad.

______________________________________________________________

**[10 marc]**

**8. Daonra**




Scrúdaigh an treoghraf thuas agus freagair na ceisteanna a leanas:

(i) Cén daonra a bhí sa domhan sa bhliain 1960?

______________________________________

(ii) Cén daonra a bhí sa domhan sa bhliain 2010?

______________________________________

(iii) Cad é an méadú a tháinig ar an daonra idir 1960 agus 2010?

______________________________________

(iv) Luaigh cúis **amháin** ar fhás an daonra idir 1960 agus 1990.

____________________________________________________________________

(v) Luaigh toradh **amháin** ar fhás an daonra idir 1960 agus 1990.

____________________________________________________________________

**[10 marc]**

**9. Réigiúin**

Meaitseáil an cur síos ar réigiún leis an sampla den réigiún. Scríobh an litir cheart sa bhosca atá ann di.

| Litir | Cur Síos ar Réigiún |
|---|---|
| **A** | Réigiún a shainmhínítear de réir teanga agus cultúir. |
| **B** | Réigiún a bhfuil geilleagar dea-fhorbartha ann. |
| **C** | Réigiún a raibh rathúnas aige tráth bunaithe ar mhianadóireacht guail agus ar thionscail throma ach a bhfuil meath tagtha air. |
| **D** | Réigiún a shainmhínítear de réir tosca aeráide ar nós teochta agus fliuchrais. |
| **E** | Réigiún a shainmhínítear de réir tosca fisiceacha ar nós cineál carraige. |

| Sampla den Réigiún | Litir |
|---|---|
| Imchuach Phárais | |
| An Mheánmhuir | |
| Deisceart na Breataine Bige nó Sambre Meuse | |
| Boirinn | |
| Gaeltacht na hÉireann | |

**[10 marc]**

**10. Léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis**

Scrúdaigh an léarscáil 1:50000 de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis agus an eochair eolais a thugtar leis an bpáipéar seo.

(i) Tomhais an **fad** ina chiliméadair ar feadh an N86 ó Stáisiún an Gharda ag Q 446 009 go dtí an áit a bhfágann an bóthar an léarscáil ag Q 530 013.
Scríobh an freagra ceart sa bhosca thíos.

(ii) Samhlaigh go bhfuil tú ag siúl Slí Chorca Dhuibhne (the Dingle Way) ag tosú ag Q 456 020 i dtreo Abhainn na Gairfeanaí (Garfinny River) ag Q 474 037. Cén **treo** ina bhfuil tú ag taisteal?
Scríobh an freagra ceart sa bhosca thíos.

**[10 marc]**

**11. Léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis**

Scrúdaigh an léarscáil 1:50000 de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis agus an eochair eolais a thugtar leis an bpáipéar seo.

(i) Ainmnigh an ghné/an tsiombail atá le fáil ag gach ceann de na tagairtí eangaí a leanas:

Q 442 010___________________________

Q 441 005___________________________

(ii) Ainmnigh an ghné a cruthaíodh mar thoradh ar an sil-leagan cósta i gcearnóg eangaí V 48 98.

Gné ___________________________

(iii) Ríomh achar iomlán na léarscáile ina chiliméadair chearnacha.

Achar Iomlán ___________________________

(iv) Luaigh cúis **amháin** nach bhfuil aon fhianaise ar lonnaíocht sa limistéar ag Q 50 04.

_________________________________________________________________

**[10 marc]**

**12. Aerfótagraf agus Léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis**

(i) Scrúdaigh an t-aerfótagraf den Daingean a thugtar leis an bpáipéar seo agus freagair na ceisteanna a leanas:

An bhfuil an t-aerfótagraf ceartingearach nó fiar? ___________________________

Scríobh síos suíomh na rudaí seo a leanas agus an nodaireacht aitheanta á húsáid agat (cúlra ar dheis etc.):

Páirc peile ________________________________________________

Depot / Garáiste busanna ________________________________________________

(ii) Luaigh píosa **amháin** fianaise ón aerfótagraf a thugann le tuiscint gur calafort é an Daingean.

_________________________________________________________________

(iii) Agus an t-aerfótagraf agus léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis **araon** á n-úsáid agat, ainmnigh an t-ionad uisce sa tulra ar clé san aerfótagraf.

_________________________________________________________________

**[10 marc]**

## CUID A DÓ – CEISTEANNA STRUCHTÚRTHA – 300 MARC

Ní mór duit tabhairt faoi **THRÍ** cheist, mar seo a leanas:

- **DHÁ** cheist as **Roinn 1 – Croí-Aonaid**:
  - Ceist **amháin** as na Ceisteanna 1, 2 agus 3

    **AGUS**

  - Ceist **amháin** as na Ceisteanna 4, 5 agus 6
- Ceist **AMHÁIN** as **Roinn 2 – Toghaonaid**

***FREAGAIR NA CEISTEANNA SEO SA FHREAGARLEABHAR***

## ROINN 1 – CROÍ-AONAID

### Na Ceisteanna 1 go 6

**NÍ MÓR** duit tabhairt faoi **DHÁ** cheist:

- **CEIST AMHÁIN** as **Patrúin agus Próisis sa Chomhshaol Fisiceach**

**AGUS**

- **CEIST AMHÁIN** as **Tíreolaíocht Réigiúnach**

**PATRÚIN AGUS PRÓISIS SA CHOMHSHAOL FISICEACH**

**Na Ceisteanna 1 go 3**

Freagair ceist **AMHÁIN**

## Ceist 1

### A. Léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis

Scrúdaigh an léarscáil 1:50000 de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis agus an eochair eolais a thugtar leis an bpáipéar seo.
Tarraing sracléarscáil den limistéar a thaispeántar agus ar an tsracléarscáil sin **taispeáin** agus **ainmnigh** iad seo a leanas:

- An t-imeallbhord
- Abha(inn) Bhaile an Mhuilinn
- Teach solais
- Ceantar ainmnithe talún os cionn 400 méadar
- Comloch.

**[30 marc]**

### B. Próisis Dromchla

**Freagair** (i) **nó** (ii).

(i) Roghnaigh aon cheann **amháin** de na próisis dromchla a leanas:

- Gníomhaíocht mhuirí
- Gníomhaíocht abhann
- Gníomhaíocht an oighir.

Mínigh agus léaráid(í) á n-úsáid agat conas a foirmíodh aon **dá** thírghné in Éirinn mar thoradh ar an bpróiseas a roghnaigh tú.

**NÓ**

(ii) Déan cur síos ar aon **dá** phróiseas ollghluaiseachta agus mínigh iad.

**[40 marc]**


### C. Bolcáin

Mínigh agus léaráid(í) á n-úsáid agat, conas a tharlaíonn brúchtaí bolcánacha.

**[30 marc]**

## Ceist 2

### A. Teicteonaic Phlátaí




Curtha in oiriúint ó www.atlas.nrcan.gc

Scrúdaigh an léarscáil thuas agus freagair na ceisteanna a leanas:

(i) Cén t-ainm a thugtar ar an réigiún ó **X1**, ar feadh na líne scáthaithe,  go **X2**?

(ii) Ainmnigh an t-iomaire atá ag rith ó thuaidh ó **Y**.

(iii) Ainmnigh aon **dá** bholcán.

(iv) Ainmnigh aon **dá** phláta screimhe.

(v) Mínigh go hachomair cad is brí le fodhuchtú.

**[30 marc]**

### B. Carraigeacha

(i) Ainmnigh sampla **amháin** de bhruthcharraig **NÓ** sampla **amháin** de charraig mheiteamorfach.

(ii) Ainmnigh suíomh ar leith in Éirinn ina bhfaightear an charraig a d’ainmnigh tú thuas.

(iii) Déan cur síos ar conas a fhoirmítear bruthcharraigeacha **NÓ** carraigeacha meiteamorfacha.

**[40 marc]**

### C. Idirghníomhaíocht an Duine


Déan cur síos agus míniú ar conas a dhéanann an duine iarracht ar cheann **amháin** de na próisis dromchla a leanas a smachtú:

- Próisis abhann
- Próisis farraige
- Ollghluaiseacht.

**[30 marc]**

## Ceist 3

### A. Timthriall Carraigeacha




Curtha in oiriúint ó www.ags.ou.edu

Scrúdaigh an léaráid de thimthriall na gcarraigeacha thuas agus freagair gach ceann de na ceisteanna a leanas:

(i) Ainmnigh an catagóir carraige a fhoirmítear ag **X**.

(ii) Tabhair sampla den catagóir carraige a fhoirmítear ag **X**.

(iii) Ainmnigh an catagóir carraige a fhoirmítear ag **Y**.

(iv) Tabhair sampla den catagóir carraige a fhoirmítear ag **Y**.

(v) Ainmnigh aon **dá** shlí ina mbaintear úsáid as carraigeacha.

**[30 marc]**

### B. Tírdhreach Carstach - Aolchloch

(i) Ainmnigh sampla de réigiún Carstach in Éirinn.

(ii) Mínigh agus léaráid(í) á n-úsáid agat, conas a fhoirmítear gné **dhromchla amháin** i réigiún Carstach.

(iii) Mínigh agus léaráid(í) á n-úsáid agat, conas a fhoirmítear gné **amháin faoi thalamh** i réigiún Carstach.

**[40 marc]**

### C. Teicteonaic Phlátaí

Déan cur síos ar cad a tharlaíonn ag teorainneacha plátaí agus mínigh é.

**[30 marc]**

**TÍREOLAÍOCHT RÉIGIÚNACH**

**Na Ceisteanna 4 go 6**

Freagair ceist **AMHÁIN**

## Ceist 4

### A. Éire – Réigiúin

Tarraing sracléarscáil d'Éirinn.
Ar an tsracléarscáil seo **taispeáin** agus **ainmnigh**:

- Dhá réigiún ainmnithe a bhfuil staidéar déanta agat orthu
- Abhainn ainmnithe amháin
- Sliabhraon ainmnithe amháin.

**[30 marc]**

### B. Gníomhaíocht Gheilleagrach – Réigiún in Éirinn

Ainmnigh réigiún in **Éirinn** a bhfuil staidéar déanta agat air agus mínigh **dhá** cheann ar bith acu seo a leanas:

- Na cúiseanna a mealltar **turasóirí** go dtí an réigiún seo
- An cineál **feirmeoireachta** a chleachtar sa réigiún seo
- Tábhacht an **iompair** sa réigiún seo.

**[40 marc]**

### C. Réigiúin Ilchríochacha / Réigiúin Fho-ilchríochacha


Déan cur síos ar fhorbairt an tionscail déantúsaíochta i **réigiún Ilchríochach** / **réigiún Fo-ilchríochach amháin** (**nach bhfuil san Eoraip**) a bhfuil staidéar déanta agat air.

Luaigh ainm an réigiúin go soiléir i do fhreagra.

**[30 marc]**

## Ceist 5

### A. Talmhaíocht in Éirinn




Scrúdaigh an chairt thuas agus freagair gach ceann de na ceisteanna a leanas:

(i) Cén céatadán den talamh talmhaíochta a bhí faoi fhéar tirim in 2000?

(ii) Ríomh **X**, an céatadán den talamh a bhí faoi fhéarach garbh in 2000.

(iii) Cén céatadán iomlán den talamh talmhaíochta a bhí faoi fhéarach agus faoi shadhlas le chéile?

(iv) Ainmnigh barr **amháin**, nach n-ainmnítear sa chairt thuas, a fhástar in Éirinn.

(v) Déan cur síos gairid ar fheirmeoireacht thréadach.

**[30 marc]**

### B. Tionscail Déantúsaíochta in Éirinn

Mínigh conas a théann aon **dá** cheann díobh seo a leanas i bhfeidhm ar fhorbairt an tionscail déantúsaíochta i réigiún in **Éirinn** a bhfuil staidéar déanta agat air:

- Iompar
- Amhábhair
- Margaí
- Polasaithe an rialtais agus an AE.

Luaigh ainm an réigiúin go soiléir i do fhreagra.

**[30 marc]**

### C. Talmhaíocht san Eoraip

Mínigh conas a bhíonn tionchar ag tosca fisiceacha **agus** geilleagracha ar fhorbairt na talmhaíochta i réigiún **Eorpach** (nach bhfuil in Éirinn) a bhfuil staidéar déanta agat air.

Luaigh ainm an réigiúin go soiléir i do fhreagra.

**[40 marc]**

## Ceist 6

**A. Réigiún Ilchríochach / Réigiún Fo-ilchríochach**

Tarraing sracléarscáil de **réigiún Ilchríochach / réigiún Fo-ilchríochach** (**nach bhfuil san Eoraip**) a bhfuil staidéar déanta agat air.
Ar an tsracléarscáil seo, **taispeáin** agus **ainmnigh**:

- Dhá chathair ainmnithe
- Abhainn ainmnithe amháin
- Sliabhraon ainmnithe amháin.

**[30 marc]**

**B. Réigiúin Eorpacha - Iompar**










Déan cur síos ar fhorbairt an iompair i réigiún **Eorpach amháin** (nach bhfuil in Éirinn) a bhfuil staidéar déanta agat air.

Luaigh ainm an réigiúin go soiléir i do fhreagra.

**[40 marc]**

**C. Réigiúin Chultúir**

Is féidir sainmhíniú a dhéanamh ar chultúr réigiúin de réir aon cheann acu seo a leanas:

- Reiligiún
- Teanga
- Ceol/Rince
- Cluichí.

Déan cur síos ar thábhacht an chultúir in **aon** réigiún a bhfuil staidéar déanta agat air agus mínigh é.

Luaigh ainm an réigiúin go soiléir i do fhreagra.

**[30 marc]**

## ROINN 2 – TOGHAONAID

## Na Ceisteanna 7 go 12

**NÍ MÓR** duit tabhairt faoi aon cheist **AMHÁIN** as:

**Patrúin agus Próisis i nGníomhaíochtaí Geilleagracha**

**NÓ**

**Patrúin agus Próisis i gComhshaol an Duine**

**PATRÚIN AGUS PRÓISIS I nGNÍOMHAÍOCHTAÍ GEILLEAGRACHA**

**Na Ceisteanna 7 go 9**

## Ceist 7

**A. Léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis**

Scrúdaigh an léarscáil 1:50000 de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis agus an eochair eolais a thugtar leis an bpáipéar seo.
Tarraing sracléarscáil den limistéar a thaispeántar.
Ar an tsracléarscáil seo **taispeáin** agus **ainmnigh** iad seo a leanas:

- An Bóthar Tánaisteach Náisiúnta, an N86, ina iomláine
- Bealach na mbád farantóireachta i gCuan an Daingin
- Limistéar d'Fháschoill Bhuaircíneach
- Ionad Eolais Turasóireachta
- Brú Saoire Neamhspleách.

**[30 marc]**

**B. Geilleagar Forbartha**

(i) Ainmnigh geilleagar forbartha **amháin** ina gcuidíonn turasóireacht **NÓ** seirbhísí airgeadais leis an ngeilleagar.

(ii) Déan cur síos ar chúis **amháin** ar fhás turasóireacht **NÓ** seirbhísí airgeadais sa gheilleagar forbartha a ainmníodh.

(iii) Mínigh tairbhe **amháin** a bhaineann an geilleagar i dtíortha forbartha as turasóireacht nó as seirbhísí airgeadais.

(iv) Mínigh fadhb **amháin** a bhíonn ann mar gheall ar turasóireacht **NÓ** ar sheirbhísí airgeadais.

**[40 marc]**

**C. Fuinneamh In-athnuaite**

(i) Ainmnigh **dhá** fhoinse d'fhuinneamh in-athnuaite atá oiriúnach le húsáid in Éirinn.

(ii) Mínigh cén fáth a bhfuil an **dá** fhoinse a ainmníodh thuas oiriúnach le húsáid in Éirinn.

**[30 marc]**

## Ceist 8

### A. Trádáil in Éirinn

**Príomh-Pháirtithe Trádála na hÉireann - 2009 €m**

| Páirtithe Trádála | Allmhairí | Onnmhairí |
|---|---|---|
| An Bhreatain Mhór agus Tuaisceart na hÉireann | 13,617 | 13,511 |
| Tíortha eile san AE | 12,889 | 37,466 |
| SAM | 7,839 | 17,585 |
| An Chuid eile den Domhan | 10,490 | 14,962 |
| **Iomlán** | **44,835** | **83,524** |

www.cso.ie

Scrúdaigh an tábla thuas agus freagair na ceisteanna a leanas:

(i) Céard é luach iomlán na n-allmhairí sa bhliain 2009?
(ii) Céard é luach iomlán na n-onnmhairí sa bhliain 2009?
(iii) Ríomh an difríocht idir na hallmhairí iomlána agus na honnmhairí iomlána sa bhliain 2009.
(iv) Cé na páirtithe trádála a ghlac an luach ba mhó d'onnmhairí na hÉireann sa bhliain 2009?
(v) Luaigh cúis **amháin** leis sin.
(vi) Ainmnigh aon **dá** earra a onnmhairítear as Éirinn.

**[30 marc]**

### B. Suíomh Tionscail

Scrúdaigh an t-aerfótagraf a thugtar leis an bpáipéar seo.
Tá sé beartaithe monarcha phróiseála éisc a thógáil ar an láithreán úrnua i lár an tulra san aerfótagraf.

(i) Déan cur síos ar **dhá** bhuntáiste a bhaineann leis an suíomh seo le go lonnófaí monarcha phróiseála éisc ann.

(ii) Déan cur síos ar fhadhb **amháin** a d'fhéadfadh a theacht chun cinn mar thoradh ar mhonarcha phróiseála éisc a thógáil ar an suíomh seo.

**[30 marc]**

## C. Truailliú na Timpeallachta



bionomicfuel.com





wordpress.com

Is fadhb é truailliú na timpeallachta a d’fhéadfadh tarlú mar thoradh ar ghníomhaíochtaí geilleagracha.

(i) Ainmnigh **dhá** ghníomhaíocht gheilleagracha a d’fhéadfadh a bheith ina gcúis le truailliú na timpeallachta.

(ii) Mínigh slí **amháin** a mbíonn na gníomhaíochtaí geilleagracha seo ina gcúis le truailliú na timpeallachta.

(iii) Mínigh réiteach **amháin** ar thruailliú na timpeallachta.

**[40 marc]**

## Ceist 9

### A. Fuinneamh an Domhain

**Ídiú Fuinnimh ar Domhan, 2007**

| Cineál Fuinnimh | Céatadán |
|---|---|
| Ola | 36% |
| Gual | 28% |
| Gás Nádúrtha | 24% |
| Eile | 12% |

BP Statistical Review, 2007

Scrúdaigh na sonraí thuas a bhaineann le hídiú fuinnimh ar domhan sa bhliain 2007.

(i) Agus **grafpháipéar** á úsáid agat, tarraing graf oiriúnach chun na sonraí seo a léiriú.

(ii) I do fhreagarleabhar, ainmnigh **dhá** chineál fuinnimh nach bhfuil ainmnithe sa tábla thuas.

**[30 marc]**

### B. Cuideachtaí Ilnáisiúnta

(i) Ainmnigh cuideachta ilnáisiúnta (MNC) **amháin** atá ag feidhmiú in Éirinn **agus** luaigh cá bhfuil sí lonnaithe.

(ii) Ainmnigh amhábhar **amháin** a úsáideann an chuideachta ilnáisiúnta **agus** luaigh foinse an amhábhair.

(iii) Ainmnigh earra **amháin** a dhéanann an chuideachta ilnáisiúnta seo **agus** ainmnigh **dhá** mhargadh ina ndíoltar an t-earra.

(iv) Luaigh cúis **amháin** a bhfágann cuideachtaí ilnáisiúnta áirithe Éire chun cur fúthu in áiteanna eile.

**[40 marc]**

### C. Éire agus an tAontas Eorpach

(i) Ainmnigh **aon** pholasaí amháin de chuid an Aontais Eorpaigh a mbíonn tionchar aige ar gheilleagar na hÉireann.

(ii) Déan cur síos ar **dhá** shlí a mbíonn tionchar ag an bpolasaí seo ar gheilleagar na hÉireann agus mínigh iad.

**[30 marc]**


**PATRÚIN AGUS PRÓISIS I gCOMHSHAOL AN DUINE**

**Na Ceisteanna 10 go 12**

## Ceist 10

### A. Daonra an Domhain

**Dlús Daonra an Domhain**




Curtha in oiriúint ó www.spearheadresearch.org

Scrúdaigh an léarscáil thuas a thaispeánann dlús daonra an domhain agus freagair na ceisteanna a leanas:

(i) Cén catagóir de dhlús daonra ina bhfuil Éire?

(ii) Ainmnigh aon tír **amháin** atá sa chatagóir 0-9 de dhlús daonra.

(iii) Mínigh go hachomair cad is brí le dlús daonra.

(iv) Mínigh go hachomair toradh diúltach **amháin** a bhíonn ar dhlús daonra **ard**.

(v) Mínigh go hachomair toradh diúltach **amháin** a bhíonn ar dhlús daonra **íseal**.

**[30 marc]**

**B. Iompar i Limistéir Uirbeacha**

(i) Ainmnigh fadhb tráchta **amháin** a bhíonn i gcathracha atá ag fás go tapa.

(ii) Ainmnigh cathair **amháin** ina bhfuil a leithéid sin d'fhadhb.

(iii) Luaigh **dhá** chúis ar tháinig an fhadhb seo chun cinn.

(iv) Mínigh réiteach **amháin** ar an bhfadhb seo.

**[40 marc]**

**C. Daonra**

(i) Mínigh an téarma 'ráta beireatais'.

(ii) Mínigh conas a théann ceann ar bith de na tosca a leanas i bhfeidhm ar rátaí beireatais:

- Teicneolaíocht an leighis
- Cultúr agus sochaí
- Leibhéil ioncaim.

**[30 marc]**

## Ceist 11

### A. Daonra

**An Daonra i gContaetha Áirithe in Éirinn, 2006**

| Contae | Daonra |
|---|---|
| Co Bhaile Átha Cliath | 1,200,000 |
| Co Corcaí | 500,000 |
| Co na Gaillimhe | 230,000 |
| Co Phort Láirge | 100,000 |

Curtha in oiriúint ó www.cso.ie

Scrúdaigh na sonraí thuas a thaispeánann líon an daonra, go garbh, i gcontaetha áirithe in Éirinn.

(i) Agus **grafpháipéar** á úsáid agat, tarraing graf chun na sonraí seo a léiriú.

(ii) I do fhreagarleabhar, mínigh go hachomair cén fáth a bhfuil an daonra is airde i gContae Bhaile Átha Cliath.

**[30 marc]**

### B. Imirce


(i) Mínigh **dhá** chúis a dtéann daoine ar imirce ón tuath go dtí na cathracha.

(ii) Mínigh aon slí **amháin** a dtéann sin i bhfeidhm ar na ceantair tuaithe a fhágann siad ina ndiaidh.

(iii) Mínigh cúis **amháin** a bhfuil líon mór daoine ag dul ar imirce as Éirinn le déanaí.

**[40 marc]**

**C.** **Saincheisteanna Uirbeacha**




(i) Scrúdaigh na fótagraif de shaincheisteanna uirbeacha a thaispeántar thuas agus meaitseáil gach ceann de na litreacha ar na fótagraif le ceann **amháin** de na saincheisteanna uirbeacha liostaithe thíos.

Scríobh an freagra i do fhreagarleabhar.

- Cathracha na todhchaí
- Iompar uirbeach
- Fadhbanna uirbeacha
- Saincheisteanna oidhreachta.

(ii) Déan cur síos ar aon cheann **amháin** de na saincheisteanna uirbeacha liostaithe thuas.

**[30 marc]**

## Ceist 12

**A. Talamhúsáid**

Scrúdaigh an t-aerfótagraf a thugtar leis an bpáipéar seo.
Tarraing sracléarscáil den limistéar a thaispeántar ar an aerfótagraf.
Ar an tsracléarscáil, **taispeáin** agus **ainmnigh** iad seo a leanas:

- Limistéar calafoirt
- Carrchlós
- Príomhshráid siopadóireachta
- Timpeallán
- Eastát tithíochta.

**[30 marc]**

**B. Dlús agus Dáileadh Daonra**

Scrúdaigh léarscáil na suirbhéireachta Ordanáis agus an eochair eolais a thugtar leis an bpáipéar seo agus freagair na ceisteanna a leanas:

(i) Tabhair tagairt eangaí 4 fhigiúir do limistéar ar an léarscáil ina bhfuil dlús daonra **ard**.

(ii) Mínigh le mionsonraí, agus tú ag baint úsáide as fianaise ón léarscáil, cén fáth a bhfuil dlús daonra **ard** sa suíomh seo.

(iii) Tabhair tagairt eangaí 4 fhigiúir do limistéar ar an léarscáil ina bhfuil dlús daonra **íseal**.

(iv) Mínigh le mionsonraí, agus tú ag baint úsáide as fianaise ón léarscáil, cén fáth a bhfuil dlús daonra **íseal** sa suíomh seo.

**[40 marc]**

**C. Feidhmeanna Uirbeacha**

Déan cur síos ar conas a tháinig athrú le himeacht ama ar fheidhmeanna **aon** cheantair uirbigh a bhfuil staidéar déanta agat air.

Luaigh ainm an cheantair uirbigh go soiléir i do fhreagra.

**[30 marc]**

# Leathanach Bán

# Leathanach Bán

# Leathanach Bán

# Leathanach Bán